# Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

## Bunús na gcuntas

Ullmhaítear cuntais leithreasa, ina léirítear idirbhearta airgeadais na ranna Rialtais[1], de réir an Exchequer and Audit Departments Act 1866 (arna leasú ag Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is éard atá sna cuntais ná taifid bunaithe ar airgead tirim d'fháltais agus d'íocaíochtaí i rith na bliana i gcomparáid leis na méideanna a soláthraíodh faoin Acht Leithreasa. Léiríonn na cuntais freisin figiúirí na bliana roimhe chun críocha comparáide. Tá roinnt eolais a bhaineann le fabhrúcháin san áireamh sna nótaí a ghabhann leis na cuntais.

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta atá leagtha amach thíos i bhfeidhm in ullmhú na gcuntas. Mínítear aon imeacht ó na beartais agus ó na prionsabail chaighdeánacha i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

## Tréimhse tuairiscithe

Is í an bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016 an tréimhse tuairiscithe.

## Fáltais

De ghnáth is le Lárchiste a íoctar gach ioncam a fhaigheann an Stát.

Tá dhá chatagóir ann maidir le fáltais Roinne: is féidir iad a leithreasú i gcabhair ar chaiteachas bunaithe ar Vóta, nó féadfar iad a thabhairt suas go díreach leis an bPríomh-Chiste mar fháltais breise an Státchiste. Ba cheart cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil i gcónaí roimh chinneadh a dhéanamh ar cheart déileáil le fáltais de chineál áirithe mar leithreasú i gcabhair nó mar fháltais bhreise an Státchiste.

Fáltais iad leithreasaí i gcabhair ar féidir iad a úsáid faoi alt 2 den Public Accounts and Charges Act 1891, chun íoc as caiteachas a mhéid atá údaraithe ag an Acht Leithreasa bliantúil. De ghnáth is fáltais iad sin a thagann i ngnáthchúrsa gnó na roinne faoin Vóta.

Éilíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcás fáltas áirithe a fhaigheann ranna go gcuirfear iad go díreach chun sochair an Státchiste mar fháltais bhreise. De ghnáth is fáltais iad sin nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu le caiteachas an Vóta nó is fáltais 'amhantair' iad. Ní féidir fáltais bhreise den sórt sin a úsáid le freastal ar chaiteachas ón Vóta. Nuair a bhíonn fáltais bhreise ann déantar iad a thuairisciú i nóta leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4).

Ceanglaítear ar Ranna miondealú a sholáthar faoi fháltais bhreise an Státchiste agus míniú a sholáthar más méideanna ábhartha iad. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ranna na méideanna a taisceadh don Státchiste a nochtadh (Chuntas Taisce Airgead Éagsúil) agus na méideanna iníoctha (méid gan aistriú go fóill), i gcás nach bhfuil na suimeanna mar an gcéanna.

Tá iachall ar Ranna miondealú fháltais bhreise an Státchiste a chur i láthair ar bhonn iarmhéid tosaigh/iarmhéid deiridh freisin.

Ba chóir an méid a thuairiscíonn Roinn do FBS a aistrítear chuig an Státchiste a thabhairt chun réitigh leis an méid a thuairiscítear sa Roinn Airgeadais – Cuntais Airgeadais

1 Sa ráiteas seo, cuimsíonn an téarma 'roinn' ranna lárnacha Rialtais agus oifigí agus gníomhaireachtaí atá freagrach as bainistiú agus as cuntasaíocht Vóta.

## Íocaíochtaí

Suimeanna a tháinig chun bheith iníoctha i rith na bliana iad íocaíochtaí. Meastar suimeanna a bheith tagtha chun bheith iníoctha nuair atá an dliteanas tabhaithe, an íocaíocht dlite agus treoir tugtha an íocaíocht a dhéanamh.

Sa chás go bhfuil dliteanas tabhaithe agus íocaíocht dlite (is é sin le rá go bhfuil an dliteanas aibithe), ba cheart íocaíocht a bheith críochnaithe roimh dheireadh na bliana chun sláine an chuntais leithreasa a chinntiú. I gcásanna nach ndearnadh íocaíocht, a bhfuil dliteanais aibí fós neamhíoctha ag deireadh na bliana, mar sin ba cheart méid na ndliteanas sin a thabhairt i nóta leis an gcuntas (Nóta 2).

Nuair a bhíonn Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire do Roinn eile rud a fhágann go mbíonn idirbhearta airgeadais i gceist idir an príomhaí agus an gníomhaire, is í an riail ghinearálta a bhfuil feidhm léi ná go gcuirfeadh an gníomhaire an idirbheart trí chuntas fionraí, táille deiridh i gcuntas leithghabhála an phríomhaí a bheidh san íocaíocht don tseirbhís.

I suíomhanna mar a dteastaíonn ón ngníomhaire go soláthródh an príomhaí réamh-mhaoiniú leis an íocaíocht a chumasú, níor chóir ach na méideanna sin atá deimhnithe ag an ngníomhaire mar shuimeanna a íocadh amach aige i mbliain an chuntais a ghearradh go cuntas leithghabhála an phríomhaí.

## Fabhruithe

Ionchorpraíonn gach cuntas leithreasa faisnéis a bhaineann le fabhruithe sna nótaí leis an gcuntas, lena n-áirítear

- ráiteas faoi chostas oibriúcháin (Nóta 1), a léiríonn méid iomlán na n-acmhainní a chaith an roinn sa bhliain
- clár comhardaithe a léiríonn sócmhainní agus dliteanais na roinne ag deireadh na bliana (Nóta 2), agus
- nótaí mínithe ag soláthar sonraí maidir le sócmhainní caipitiúla, sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt, dliteanas glan don Státchiste, agus gealltanais.

Áirítear ar an gclár comhardaithe an staid ag deireadh na bliana maidir leis an méid seo a leanas

- **Costais fhabhraithe** - léiríonn siad sin na dliteanais go léir ar dháta an chláir chomhardaithe, cé is moite de dhliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair a chomhlíonann an t-íocaí an riachtanas conarthach chun na hearraí nó na seirbhísí a ordaíodh a sholáthar. Déileáiltear mar dhliteanais le méideanna atá dlite ar earraí a seachadadh, ach nár íocadh astu fós, fiú amháin mura bhfuil iniúchadh déanta orthu nó mura dtugtar go stoc iad. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair a shásaíonn an deontaí ceanglais uile na scéime ach nach bhfuil aon íocaíocht faighte fós. Aithnítear dliteanais taistil agus cothabhála nuair a bhíonn an taisteal déanta.
- **Réamhíocaíochtaí** - is íocaíochtaí iad sin a rinneadh i rith bhliain an chuntais chun íoc as costais a thiocfaidh go hiomlán nó go páirteach sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam Fabhraithe** - is ioncam é sin atá dlite don roinn ag deireadh na bliana cuntais ach nach bhfuil faighte fós.
- **Ioncam iarchurtha** - is ioncam é sin a fuair an roinn i rith na bliana cuntais ar earraí nó ar sheirbhísí atá le soláthar fós aici.

## Sócmhainní caipitiúla

Léirítear luachanna oscailte agus dúnta na sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní roinne mar aon le sonraí faoi dhímheas i nóta a ghabhann leis an gclár comhardaithe (Nóta 2).

Ní bhíonn na nithe seo a leanas san áireamh sa ráiteas maidir le sócmhainní caipitil

- sócmhainní ar fiú níos lú na €1,000 iad a fuarthas ón 1 lá d'Eanáir 2004; agus/nó
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir a luach a léiriú go leordhóthanach i dtéarmaí airgid (Ba cheart sócmhainní oidhreachta ar féidir iad a luacháil a chur san áireamh sa ráiteas).

***Luacháil sócmhainní***

*Talamh agus foirgnimh*

Cuirtear gach píosa talún agus gach foirgneamh atá faoi úinéireacht an Stáit agus a rialaítear nó a bhainistítear ag roinn san áireamh sa chlár comhardaithe (agus sa nóta ábhartha sócmhainní caipitil). Déantar bonn luachála na talún agus na bhfoirgneamh a mhíniú i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa, más ábhartha.

I gcás ina bhfuil talamh agus foirgnimh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'Aire ach iad á rialú nó á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, déantar iad a áireamh i gcuntas na hOifige sin. Seachas sin, taispeántar iad i gcuntas na roinne ábhartha.

I gcás ina mbeidh tailte nó foirgnimh dílsithe i Aire ach tá na sócmhainní, i ndáiríre, faoi smacht nó faoi bhainistíocht comhlachta lasmuigh, ní áirítear iad mar shócmhainní na roinne, ach déantar úinéireacht na sócmhainne a léiriú i gcuntas na roinne.

Cuireann Roinne nach bhfuil in ann luachanna a sholáthar do thailte agus foirgnimh an stáit atá faoin a smacht/mbainistíocht, sceideal de na somhaoin seo leis an gCuntas Leithreasaithe.

*Trealamh, troscán agus feistis*

Déantar gach trealamh, troscán agus feisteas a luacháil ag costas.

*Sócmhainní eile*

Nuair a éilítear é, déantar beartais chuntasaíochta maidir le luacháil sócmhainní eile (m.sh. feithiclí sainfheidhmeacha) a leagadh amach i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas.  Nuair is cuí, déantar foirgnimh a dhímheas faoi mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

Déantar trealamh, troscán agus feistis a dhímheas ar bhonn líne dírí ar na rátaí bliantúla seo a leanas thar a saoil úsáideacha measta:

- troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáide – 10%
- Trealamh agus bogearraí, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra eile oifige – 20%; agus
- córais mhóra bhogearraí oibriúcháin – 10%

Nuair a éilítear é, déantar míreanna caipitil eile a dhímheas mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

### Sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt

Cuirtear ráiteas faoi shócmhainní caipitil atá á bhforbairt mar nóta leis an gclár comhardaithe. Léirítear ann íocaíochtaí airgid ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den roinn m.sh. forbairt bogearraí nó tionscadail tógála, nach raibh aitheanta fós mar shócmhainní ag tús na bliana cuntasaíochta.

### Stoic

Luaitear ábhair inchaite ag costas nó ag luachálacha rannacha cibé acu is ísle.

### Glandliteanas don státchiste

Léiríonn an nóta faoi ghlandliteanas don Státchiste sheasamh maoinithe an Vóta ag dáta an chláir chomhardaithe ag cur san áireamh an fharasbairr atá le tabhairt suas agus na heisiúintí ón Státchiste ar bhonn carnach nó atrátha. Taispeántar i miondealú an fhigiúir sin iarmhéideanna bainc nó airgid tirim, fáltais féichiúnaithe atá dlite mar aon le dliteanais reatha.

### Ceangaltais

Is éard is ceangaltas ann ná oibleagáid chonarthach(ina measc ceangaltais thograí chaipitil) chun íoc as earraí nó seirbhísí nuair a chuirfear ar fáil iad cé nach bhfuil siad curtha ar fáil fós ag deireadh na bliana.  I gcás scéimeanna deontais, aithnítear ceangaltas nuair a fhaomhtar an deontas cé go bhfuil ar an deontaí riachtanais na scéime a chomhlíonadh fós.

Cuirtear figiúirí ar fáil i nóta faoi ghealltanais chonarthacha iomlán (domhanda) ar dócha go mbeidh siad ann sna blianta ina dhiaidh sin faoi fhotheidil (a) sholáthair agus (b) deontais, ach gan ceangaltais faoi bhun €10,000 a chur san áireamh. Cuirtear nóta ar leithligh ar fáil ina dtugtar sonraí faoi aon cheangaltais chaipitil ilbhliantúla níos mó ná €6,350,000.Nuair atá athrú le sonrú sa cheangaltas iomlán de níos mó ná €500,000 (mar gheall are méadú nó laghdú i ceangaltais) na híocaíochtaí déanta) i gcomparáid leis an suíomh deiridh bhliana roimhe seo, mínítear an fáth atá leis an ngluaiseacht.

### Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP)

Is iomaí leagan amach a bhíonn ar chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí lena n-áirítear socrú maidir le dearadh, tógáil agus oibriú (DBO); dearadh, tógáil, oibriú agus maoiniú (DBOF); lamháltas maidir le dearadh, tógáil agus maoiniú (DBF), agus oibriú amháin.

De ghnáth, faoi na socruithe conarthacha do thionscadail CPP, tugann an Stát luach saothair do chomhpháirtí na hearnála príobháidí - faoi réir feidhmíochta sásúla - as cuid de na costais nó as iomlán na gcostas a tabhaíodh i ndearadh, tógáil, oibriú, cothabháil agus/nó maoiniú na sócmhainne, de réir mar is cuí. Is mar íocaíochtaí rialta aonadacha a thugtar an luach saothair go ginearálta do chomhpháirtí na hearnála príobháidí thar théarma an chonartha agus íoctar iad as fo-cheannas caipitil CPP sainithe i Vótaí na roinne. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Stát deontas caipitil a íoc chomh maith le comhpháirtí na hearnála príobháidí thar thréimhse na tógála; dhéanfaí a leithéid d'íocaíocht as an bhfotheideal caipitil ábhartha i Vótaí na roinne. I dtionscadal lamháltais, tugtar luach saothair don earnáil phríobháideach, go hiomlán nó go páirteach, trí tháillí mar dholaí a íocann úsáideoirí.

### Dliteanais theagmhasacha

Eascraíonn dliteanas teagmhasach uair ar bith a gcruthaíonn imeachtaí san am atá thart nó faoi láthair an baol go ndéanfar éileamh ar chistí Státchiste sa todhchaí. Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha sa chuntas ach nochtar iad i bhfoirm nóta, ach amháin más beag an seans atá ann go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní. Áirítear mar samplaí de dhliteanais theagmhasacha ráthaíochtaí, dlíthíocht, árachas, slánuithe conartha agus barántais.

## Aoisliúntas

Déantar freastal ar íocaíochtaí aoisliúntais do státseirbhísigh ar scor, do Ghardaí, do mhúinteoirí, do phearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann, agus do phearsanra de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (agus do phearsanra na nIarbhord Sláinte) ar bhonn reatha ó Vótaí 12, 20, 26, 35 agus 38, faoi seach. Níl soláthar díreach don aoisliúntas maidir le státseirbhísigh ar scor le feiceáil i gcuntais leithreasa an Roinn inar oibrigh said, ach léirítear seo mar chuid de chaiteachas iomláin Vóta 12 - Aoisliúntas agus Liúntais Scoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe meastachán den méid a bhaineann le gach Roinn ar fail, agus léirítear seo faoin gceannteideal seirbhísí gaolmhara sa Vóta abhartha.

## Idirbhearta in airgeadra eachtrach

Aistrítear na hidirbhearta a eascraíonn as airgeadraí coigríche go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go euro ag na rátaí malairte ag deireadh na bliana.

## Nótaí eile leis na cuntais

*Prionsabail ghinearálta*

De ghnáth is é atá mar aidhm ag na nótaí eile leis na cuntais leithreasa ná aird Dháil Éireann agus an Choiste um Chuntais Phoiblí a tharraingt ar ábhair a bhaineann le rialú parlaiminte, nó faisnéis níos iomláine a sholáthar faoi idirbhearta neamhghnácha ábhartha a thaifeadadh sa chuntas m.sh. caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó íocaíochtaí *ex gratia*, agus luach saothair breise. Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, ní chuirtear nótaí ar fáil ach amháin nuair a bhíonn €50,000 nó níos mó i gceist in idirbheart aonair, nó sna hidirbhearta go léir de chatagóir áirithe.

Nuair a bhíonn méideanna níos ísle ná na luachanna tairsí i gceist, cuirtear nótaí ar fáil freisin nuair a bhíonn saincheist thromchúiseach prionsabail ann nó i gcás go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart nóta a sholáthar.

*Athruithe ó dheontas*

Taispeánann Nóta 3 na gnáthmhíniúcháin le haghaidh athrúchán i dtaca le táirgeacht le hais soláthair.

I gcásanna ina mbíonn difríocht idir íocaíochtaí a dhéantar ó fhotheideal agus an deontas bunaidh, cuirtear nóta ar fáil nuair is

Soláthraítear nóta nuair a bhíonn i gceist leis an difear maidir leis an mbunsoláthar meastacháin (maoiniú iarchurtha caipitil san áireamh):

- €100,000 nó níos mó an difríocht agus
- nuair is ionann é sin agus 5% nó níos mó den fhotheideal (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin), nó
- difear suntasach ón mbunsoláthar meastacháin nach gcomhlíonann na critéir thuasluaite, ach a éilíonn míniú.

Cuirtear nótaí ar fáil ar an mbonn céanna maidir le hathruithe sna catagóirí éagsúla maidir le leithreasaí i gcabhair.

*Luach saothair breise*

I gcás luach saothair breise, áirítear leis na sonraí a thugtar (Nóta 5) an méid iomlán a íocadh faoi gach catagóir, líon iomlán na bhfaighteoirí, líon na ndaoine aonair a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht aonair is airde má tá sí níos mó ná €10,000.

Leagtar amach an méid comhiomlán a íoctar do dhaoine aonair faoi na ceannteidil éagsúla faoi 'íocaíocht bhreise iomlán'.

*Costais dlí:*

Nochtaítear eilimintí na gcostas dlíthiúil maidir le cásanna, nó imeachtaí dlí ina bhfuil nó ina raibh an Roinn rannpháirteach i Nóta 6. Sna cásanna sin mar a sáraíonn na costais dhlíthiúla charnacha a thabhaítear i mbliain an chuntais €50,000, nó mar a sáraíonn na costais i gcás dlíthiúil aonair €50,000, tá nóta le soláthar le miondealú de na costais iomlána go;

- táillí dlí íochtha ag an Roinn,
- costais dlí, agus
- cúiteamh a bronnadh.

*Íocaíochtaí déanacha*

I gcás íocaíochtaí úis agus cúiteamh faoi na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2012, cuirtear faisnéis ar fáil (Nóta 6) i gcás ina

- raibh iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúiteamh dlite €10,000 nó níos mó
- nó ina raibh íocaíocht aonair €10,000 nó níos mó.

*Calaois nó calaois amhrasta*

I gcás caillteanas de bharr calaoise, calaois amhrasta nó neamhrialtachtaí amhras, cuirtear faisnéis ar fáil i Nóta 6 i gcás ina

- raibh iomlán na gcaillteanas i rith na tréimhse cuntasaíochta €10,000 nó níos mó, nó
- ina raibh caillteanas aonair €10,000 nó níos mó, nó
- i gcás caillteanas faoi €10,000 a raibh saincheist thromchúiseach maidir le prionsabal ag baint leo nó i gcás ina measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart nochtadh a dhéanamh.

*Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

Nuair is iomchuí bíonn ráiteas caiteachais maidir le gach coimisiún nó fiosrúcháin speisialta atá á mhaoiniú ón Vóta san áireamh i Nóta 6. Déantar idirdhealú idir choimisiúin bhuana agus iad siúd a bhunaítear ar bhonn sealadach chun cuspóra dochta. Sa chéad chás acu seo, taispeántar caiteachas i mbliain an chuntais agus sa bhliain roimhe sin. Sa dara cás acu seo, taispeántar an dáta bunaithe agus an caiteachas carnach ó dháta an bhunaithe.

*Deontas i gcabhair agus cuntais iIlghnéitheacha*

Nuair is cuí, tugtar cuntais deontas (cistí deontas-i-gcabhair roimg ré) faoi chistí deontais i gcabhair a maoiníodh ón Vóta agus faoi chuntais ilghnéitheacha eile i Nóta 7.